TREOIRLÍNTE LE hAGHAIDH FOIRM IARRATAIS SCÉIM AONÍOCAÍOCHTA 2008 A CHOMHLÁNÚ.

CLÁR ÁBHAR

1. Uimhreacha Teagmhála Teileafóin
2. Do phacáiste SPS
3. Léarscáileanna
4. Leathanach Tosaigh fhoirm iarratais an SPS a chomhlánú
5. Achoimre ar na bpríomhathruithe maidir le sonraí talún sa bhliain 2008
6. Leathanach Deiridh fhoirm iarratais an SPS a chomhlánú
7. Ag déanamh Leasuithe ar d'fhoirm iarratais SPS 2008

An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

UIMHREACHA TEAGMHÁLA TEILEAFÓIN

Próiseálfaidh AONAD NA hAONÍOCAÍOCHTA den ROINN TALMHAÍOCHTA, IASCAIGH AGUS BIA, SEANBHÓTHAR MHAINISTIR LAOISE, PORT LAOISE, CONTAE LAOISE, foirmeacha iarratais Scéim na hAoníocaíochta (SPS) 2008. Ba cheart fiosrúcháin maidir le d'iarratas nó maidir le scéim/beart ar leith a dhéanamh ar an Uimhir Theileafóin chuí thíos.

Rannóg	**Contaetha**	**Uimhir Theileafóin**
1	Corcaigh agus an Iarmhí	1890 252 236
2	An Cabhán, An Clár agus Luimneach	1890 252 235
3	Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Uíbh Fhailí agus Loch Garman	1890 252 244
4	Ceatharlach, Cill Chainnigh, Lú, Muineachán agus Sligeach	1890 252 243
5	Cill Dara, Laois, Liatroim, An Longfort, Port Láirge agus Cill Mhantáin	1890 252 242
6	Gaillimh, Ciarraí, Maigh Eo agus an Mhí,	1890 200 502
7	Tiobraid Árann agus Ros Comáin	1890 252 598
Fiosruithe maidir le Clárú ar líne	Na contaetha uile	1890 252 118
Líne chabhrach le haghaidh iarratasoírí a dhéanann iarratas ar líne	Na contaetha uile	An uimhir Lóghlao thuas don chontae ábhartha.
Scéim um Barra Fuinnimh	Na contaetha uile	057 8678701 057 8678709
Scéim na gCeantar faoi Mhíbhuntáiste	Na contaetha uile	1890 200 114
Aistriú Teidlíochtaí	Na contaetha uile	1890 200 560
Comhdhlúthú Teidlíochtaí	Na contaetha uile	1890 252 241 1890 252 240
Cúltaisce Náisiúnta	Na contaetha uile	1890 252 051
REPS/Maolú Níotráití	Na contaetha uile	053–9163400

2
DO PHACÁISTE SPS

Áirítear iad seo a leanas i bpacáiste SPS 2008**:**

FORBHREATHNÚ GAIRID AR SPS 2008

Achoimre gairid ar na príomhphointí a bhaineann le hiarratas SPS 2008, agus go háirithe na hathruithe ar an Scéim le haghaidh 2008**.**

BILEOG CHABHRACH / TÉARMAÍ & COINNÍOLLACHA.

TREOIRLÍNTE LE hAGHAIDH D'IARRATAS SPS 2008 A CHOMHLÁNÚ.

D'ullmhaigh an Roinn an dá dhoiciméad seo chun a chinntiú gur eol duit na coinníollacha a bhaineann leis na híocaíochtaí díreacha atá i gceist agus chun cuidiú leat d'fhoirm iarratais SPS 2008 a chomhlánú. Tá gach eolas faoi na Rialacháin ábhartha ón AE tugtha sa Bhileog Chabhrach/Téarmaí agus Coinníollacha. Nuair a chuireann tú d'iarratas 2008 isteach, toilíonn tú gur eol duit na Téarmaí agus na Coinníollacha atá leagtha amach sa Bhileog Chabhrach agus go gcloífidh tú leo go hiomlán.

D'FHOIRM IARRATAIS RÉAMHPHRIONTÁILTE SPS 2008

Réamhphriontáilte ar d'fhoirm nó réamhphriontáilte i bpáirt tá sonraí na ndáileachtaí talún a d'éiligh tú ar d'fhoirm iarratais Scéim Aoníocaíochta 2007. Tabhair faoi deara le do thoil gur mar áis d'iarratasóirí a dhéantar na sonraí a réamhphriontáil. An t-iarratasóir atá freagrach as na sonraí réamhphriontáilte a scrúdú go cúramach agus as a chinntiú go mbíonn siad ceart. Mura mbíonn, leasaigh mar is cuí –mar shampla, d'fhéadfadh dáileacht a réamhphriontáladh mar Fhoráiste a bheith anois ina dáileacht Foraoiseachta. Sa chás seo caithfidh tú na sonraí i gColúin 10 agus 11 a scriosadh amach, na sonraí nua a chur isteach agus X a chur i gcolún 13 más deontas i gcabhair don bhforaoiseacht atá i gceist. Scrios amach dáileacht ar bith nach cuid de do ghabháltas í ar an 31 Bealtaine 2008 trí líne a tharraingt trí na sonraí réamhphriontáilte trasna an leathanaigh ar fad. Cuir isteach dáileacht/ceapach nua ar bith, trí na sonraí um an dáileacht/ceapach a scríobh ar líne nua. Cuir isteach sonraí ar bith atá in easnamh.

Ní féidir le hiarratasóir ach an t-aon iarratas SPS amháin a chur isteach, a gcaithfear sonraí a áireamh ann de na dáileachtaí talún uile ar do ghabháltas, lena n-áirítear cinn a bhí tógtha ar cíos nó ar léas agat, ar an 31 Bealtaine 2008 cibé áit sa Stát ina bhfuil na dáileachtaí sin suite, agus gan bacadh leis na dáileachtaí a bheith, nó gan a bheith, bainteach le níos mó ná an t-aon Uimhir Tréada amháin**.**

CLÚDACH LITREACH A BHFUIL AN SEOLADH AIR

Tá clúdach litreach a bhfuil an seoladh air iniata le haghaidh d'iarratas agus doiciméid tacaithe ar bith a chur ar ais trí Swiftpost**.**

BILEOGA LEANÚNA

Níl bileoga leanúna iniata. Má bhíonn siadsan uait, tá siad le fáil ó Aonad na hAoníocaíochta, ó Oifigí Áitiúla na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, ó TEAGASC agus ar shuíomh idirlín na Roinne ag www. agriculture.gov.ie

3
LÉARSCÁILEANNA

Má athraíodh aon cheann de do dháileachtaí sa bhliain 2007, eiseofar léarscáileanna faoi chlúdach ar leith. Taispeáineann siad seo teorainneacha na ndáileachtaí talún go léir a d'éiligh tú i d'iarratas SPS 2007 SPS, an uimhir thagartha Córas Aitheanta Dáileachtaí Talún (LPIS) le haghaidh gach dáileachta, an tAchar Comhlán (i.e. roimh asbhaint ar bith) agus an tAchar Tagartha i heicteáir maidir le gach dáileacht talún.

Mura bhfuil do ghabháltas athraithe sa bhliain 2008 i gcomparáid lena bhfuil ar do léarscáil(eanna), ní gá duit an léarscáil/na léarscáileanna a chur ar ais le d'fhoirm iarratais. Má bhíonn aon teorainn dáileachta athraithe ó 2007 nó tarraingthe go mícheart ar an léarscáil, ba cheart duit an teorainn sin a leasú le peann dearg, sonraí réamhphriontáilte na

dáileachta sin a cheartú ar an bhfoirm agus an léarscáil leasaithe a chur ar ais le d'iarratas Scéim Aoníocaíochta 2008, nó faoi chlúdach ar leith más ar líne a dhéanann tú iarratas.

4
LEATHANACH TOSAIGH FHOIRM AN SPS

AINM AGUS SEOLADH
Tá sé seo réamhphriontáilte. Más gá aon leasú a dhéanamh, tarraing líne trí na sonraí priontáilte agus scríobh isteach na sonraí cearta**.**

UIMHIR TRÉADA
Tá sé seo réamhphriontáilte freisin. Is í seo an Uimhir Tréada bhailí ar an dáta ar priontáladh í. Más rud é gur athraigh d'Uimhir Tréada ó shin, tarraing líne tríd an Uimhir Tréada réamhphriontáilte más é do thoil é agus scríobh isteach d'Uimhir Tréada nua.
Má athraíonn d'Uimhir Tréada tar éis duit iarratas SPS 2008 a chur isteach, ba cheart duit scríobh láithreach bonn chuig Aonad na hAoníocaíochta agus sonraí d'Uimhir Tréada nua a thabhairt.
Má bhíonn an Uimhir Tréada a bhí agat sa bhliain 2007 dulta in éag ó shin, ní bheidh Uimhir Tréada ar bith réamhphriontáilte. Má tá Uimhir Tréada nua faighte agat anois, scríobh anseo í le do thoil. Mura bhfuair tú Uimhir Tréada nua fós, cuir isteach d'fhoirm iarratais mar sin féin agus ba cheart duit scríobh láithreach bonn chuig Aonad na hAoníocaíochta agus sonraí d'Uimhir Tréada nua a thabhairt chomh luath agus a thugtar duit í.
Má bhíonn níos mó ná Uimhir Tréada amháin ag iarratasóir (mar shampla d'fhéadfadh Uimhir Tréada déileálaí a bheith aige/aici freisin nó an dara hUimhir Tréada maidir le tailte i gcontae eile), ba cheart an t-iarratas a chur isteach faoin Uimhir Tréada shuntasach a bhaineann le príomhghabháltas an iarratasóra. Fiú má bhíonn níos mó ná Uimhir Tréada amháin aige/aici, ní féidir le hiarratasóir ach an t-aon iarratas amháin a chur isteach faoina (h)Uimhir Tréada shuntasach.

UIMHIR THEILEAFÓIN
Mura mbíonn siad réamhphriontáilte, cuir isteach d'Uimh. Theileafóin bhaile agus/nó d'Uimh. Theileafóin Phóca sna spásanna a chuirtear ar fáil. Is áisiúil an rud é uimh. Theileafóin óir ligfidh sé d'Aonad na hAoníocaíochta teagmháil dhíreach a dhéanamh leat agus déileáil le mionfhiosrúcháin ar bith a d'fhéadfadh a eascairt as d'iarratas.

Seoladh ríomhphoist
Cuir isteach do sheoladh ríomhphoist le do thoil más ábhartha.

SONRAÍ NA dTEIDLÍOCHTAÍ
Is ionann sonraí réamhphriontáilte na dteidlíochtaí SPS agus na cinn a bhíonn i do sheilbh ag am priontála d'fhoirme. Má bhíonn teidlíochtaí a bhfuil luachanna difriúla orthu i seilbh iarratasóra, agus nach féidir, ar cúis ar bith, íocaíocht a dhéanamh um na teidlíochtaí uile sin sa bhliain 2008, déanfar íocaíocht um na teidlíochtaí a mheastar a bheith úsáidte san ord atá réamhphriontáilte i gColún 5 den chuid seo den leathanach tosaigh. Má bhíonn bearta in easnamh nuair a chuirtear foirm iarratais 2008 isteach, a rachaidh i bhfeidhm a thuilleadh, tar éis próiseála, ar theidlíochtaí iarratasóra, ba cheart an t-ordú réamhphriontáilte íocaíochta a leasú trí na grúpaí breise teidlíochtaí a scríobh isteach. Is féidir ord íocaíochta eile a iarraidh i gColún 6 seachas an ceann atá réamhphriontáilte i gColún 5. Má bhíonn teidlíochtaí Cur-i-leataobh agat íocfar iad seo ar dtús agus dá bhrí sin caithfidh siadsan fanacht sa chéad áit in ord na híocaíochta. Is é seo a leanas ord réamhshocraithe na n-íocaíochtaí – Sa chéad áit: Tugtar tús áite do theidlíochtaí cur-i-leataobh, más infheidhme, ar na teidlíochtaí Aoníocaíochta eile go léir. Sa dara háit: Teidlíochtaí a thagann ina n-iomláine ón gCúltaisce Náisiúnta. Ina dhiaidh sin, teidlíochtaí Caighdeánacha, Caighdeánacha Aistrithe nó teidlíochtaí a barrlíonadh ón gCúltaisce Náisiúnta ag tosú leis na teidlíochtaí is airde luach**.**

Toisc nach bhfuil ach teidlíochtaí Caighdeánacha, nó teidlíochtaí Caighdeánacha agus teidlíochtaí Cur-i-leataobh, ag formhór na n-iarratasóirí faoi Scéim na hAoníocaíochta, ní bheidh aon ghá le hathruithe a dhéanamh. Sna cásanna seo déanfar íocaíocht bunaithe ar líon na heicteár incháilithe a dearbhaíodh ar an bhfoirm iarratais SPS 2008.

Teidlíochtaí a chailliúint faoin riail 3-bliana

Tá "Bain úsáid astu nó caillfidh tú iad" ina bhunriail 3-bliana faoi Scéim na hAoníocaíochta. Ba é 2007 deireadh chéad thimthriall 3-bliana na Scéime Aoníocaíochta (2005, 2006, 2007), agus mar an gcéanna is é 2008 deireadh dara timthriall 3-bliana na Scéime Aoníocaíochta - 2006, 2007, 2008 agus is bliain rí-thábhachtach é dá bhrí sin i gcás roinnt feirmeoirí. Feirmeoir ar bith nár dhearbhaigh go leor heicteár incháilithe nuair a chuirtear 2006 agus 2007 le chéile, agus nach sroicheann a líon iomlán teidlíochtaí fiú nuair a chuirtear heicteár 2008 leis an tsuim seo, d'fhéadfadh sé/sí roinnt dá c(h)uid teidlíochtaí, nó iad go léir b'fhéidir, a fhorghéilleadh don Chúltaisce Náisiúnta. Caillfear teidlíochtaí má bhíonn líon iomlán na heicteár a dhearbhaítear sna 3 blianta ar fad (2006, 2007 agus 2008) níos lú fós ná líon na dteidlíochtaí i seilbh.

Sampla

Tá 40 teidlíocht Caighdeánach ag feirmeoir. Dhearbhaigh sé 10 heicteár sa bhliain 2006 agus 10 heicteár sa bhliain 2007. Má dhearbhaíonn an feirmeoir seo 10 heicteár arís sa bhliain 2008 caillfidh sé 10 dteidlíocht toisc nár úsáid sé ach 30 heicteár i rith na tréimhse 3-bliana 2006 go dtí 2008. D'fhonn cailliúint a sheachaint, ba cheart don fheirmeoir seo 20 heicteár a dhearbhú sa bhliain 2008.

Ord Íocaíochta na dTeidlíochtaí

I roinnt bheag cásanna, bíonn teidlíochtaí ar a mbíonn luacha difriúla ag iarrthóirí SPS. Sna cásanna seo d'fhéadfadh sé tarlú, ar cúis éigin, nach mbíonn go leor heicteár ar fáil chun íocaíocht a chinntiú i leith na dteidlíochtaí sin go léir sa bhliain 2008. Déanfar íocaíocht i leith teidlíochtaí de gnáth san ord atá leagtha amach ar an bhfoirm iarratais réamhphriontáilte SPS, is é sin;

Sa chéad áit: Tugtar tús áite do theidlíochtaí cur-i-leataobh, más infheidhme, ar na teidlíochtaí Aoníocaíochta eile go léir.

Sa dara háit: Teidlíochtaí a thagann ina n-iomláine ón gCúltaisce Náisiúnta.

Ina dhiaidh sin, teidlíochtaí Caighdeánacha, Caighdeánacha Aistrithe nó teidlíochtaí a barrlíonadh ón gCúltaisce Náisiúnta ag tosú leis na teidlíochtaí is airde luach.

Más mian leat ord íocaíochta eile a roghnú toisc nach mbeidh "aon heicteár amháin talún i leith gach teidlíochta" sroichte agat faoi 2008, is féidir leat ord íocaíochta eile a chur isteach i gColún 6 ar an gcéad leathanach den fhoirm.

TEIDLÍOCHTAÍ A THRÁDÁIL (aistriú trí oidhreacht san áireamh) AGUS A CHOMHDHLÚTHÚ

Tá sonraí na mbeart seo leagtha amach go hiomlán i mBileog Chabhrach/Téarmaí agus Coinníollacha 2008.

IARRATAS AR ÍOCAÍOCHT FAOIN SCÉIM UM CHAOMHNÚ AN CHOMHSHAOIL FAOIN TUATH (REPS) AGUS/NÓ FAOIN SCÉIM UM FHEIRMEOIREACHT ORGÁNACH

Teastaíonn iarratas bailí SPS 2008 le haghaidh íocaíochta faoi REPS agus/nó faoin Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach.

IARRATAS AR MHAOLÚ NÍOTRÁITÍ

Má bhíonn tú incháilithe le haghaidh Maolú Níotáití sa bhliain 2008, agus má thoilíonn tú riachtanais na rialachán Níotráití a chomhlíonadh, is féidir leat Maolú a iarraidh ach an ciorcal a scáthlíniú faoin gceannteideal seo. Féach Cuid 28 den Bhileog Chabhrach/Téarmaí agus Coinníollacha um Scéim Aoníocaíochta 2008.

RIALACHÁIN UM SHLÁINTEACHAS BIA AINMHITHE

Tá dearbhú riachtanach ó na feirmeoirí go léir a bheathaíonn ainmhithe feirme nó a chuireann barra le haghaidh bia ainmhithe go gcomhlíonann siad forálacha na Rialachán um Shláinteachas Bia Ainmhithe. Caithfidh an Roinn freisin na feirmeoirí a mheascann ábhair bheathaithe sa bhaile a shainaithint.

Chuige seo eisíodh Nóta Treorach d'fheirmeoirí ábhartha go luath sa bhliain 2008, inar leagadh amach forálacha na Rialachán um Shláinteachas Bia Ainmhithe. Tá ábhar an Nóta Treorach seo i gCuid 29 den Bhileog Chabhrach/Téarmaí agus Coinníollacha um Scéim Aoníocaíochta 2008.
Scáthlínigh na ciorcail faoin gceannteideal seo de réir mar is cuí le do thoil.

DEARBHÚ

Sa chuid seo den leathanach tosaigh bíonn tú ag déanamh iarratais chun íocaíocht a fháil sa chéad áit maidir le do chuid teidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta. Glacfar le foirm iarratais chomhlánaithe SPS mar iarratas freisin faoin Scéim um Barra Fuinnimh, faoin Scéim Phréimhe um Barra Próitéine agus faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste de réir mar is cuí.
Bíonn tú ag dearbhú go foirmiúil chomh maith go bhfuil an t-eolas i d'fhoirm fíor cruinn chun críocha na Scéimeanna a chlúdaítear faoi d'iarratas. Chomh maith leis sin, tá tú ag deimhniú go bhfuil an Bhileog Chabhrach/Téarmaí agus Coinníollacha Scéim Aoníocaíochta 2008 léite agat agus go bhfuil na riachtanais Scéime iontu ar eolas agat. Tá tú ag deimhniú freisin go mbeidh an talamh go léir a dearbhaíodh ar d'iarratas 2008 agat ar an 31 Bealtaine 2008 agus tá tú ag toiliú go mbeidh tú freagrach as sáruithe ar bith um thraschomhlíonadh maidir leis an talamh seo sa bhliain féilire 2008 – maidir le Scéimeanna 2008, is í an tréimhse atá i gceist ná 1 Aibreán go 31 Nollaig 2008. Tá tú ag deimhniú freisin maidir leis na tailte ar dearbhaíodh go mbeidís ar fáil ar an 31 Bealtaine 2008 go ndéanfar iad a chothú mar thalamh talmhaíochta go dtí 31 Nollaig 2008.
Toilíonn tú fosta gur eol duit na coinníollacha a bhaineann leis na Scéimeanna a bhfuil iarratas á ndéanamh umpu, mar atá siad leagtha amach i mBILEOG CHABHRACH/TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA 2008, agus toilíonn tú na riachtanais sin a chomhlíonadh go hiomlán.
Má chuireann tú an fhoirm iarratais isteach, toilíonn tú freisin go gcuirfear an t-eolas ar fad a thugtar ar d'fhoirm iarratais agus i ndoiciméid thacaithe ar bith ar fáil d'aon Roinn nó Áisíneacht nó Údarás Áitiúil chun críocha Iniúchtaí, Rialuithe Traschomhlíonta agus na mbearta uile a bhaineann le Forbairt Tuaithe, agus, de réir mar is cuí, de réir na gceanglas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.
Tá sé tugtha le fios duit freisin go bhfuil sé de dhualgas ar an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, de réir fhorálacha Rialachán 1290/2005 ón gComhairle, sonraí a fhoilsiú ar shuíomh idirlín maidir leis na hainmneacha, seolta agus méideanna a fuair tairbhithe maoinithe ó Chiste Ráthaithe Talmhaíochta na hEorpa (EAGF) agus ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD). Tá cearta daoine a mbíonn sonraí á gcoimeád fúthu agus conas is féidir na cearta a fheidhmiú, maidir leis seo, leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Is ceanglas de chuid dhlí na hEorpa é an foilsiú seo. Is féidir le comhlachtaí iniúchóireachta agus imscrúduithe na gComhphobal agus na mBallstát na sonraí iontusan a phróiseáil chun críocha leasanna airgeadais na gComhphobal a chosaint. Ní féidir na sonraí atá ann a úsáid le haghaidh margaíochta dírí nó chun críocha eile agus soiléireofar é seo ar an suíomh idirlín.

SÍNIÚ/SÍNITHE

Ní féidir glacadh le d'iarratas um Scéim na hAoníocaíochta mura síníonn tú é. Má dhéantar an t-iarratas ar son níos mó ná aon duine amháin, mar shampla Seán Ó Murchú agus Máire Uí Mhurchú, ní mór don dá pháirtí an fhoirm a shíniú. Mura síníonn na páirtithe uile dá ndéanann an t-iarratas tagairt an fhoirm, measfar an t-iarratas a bheith neamhiomlán agus cuirfear moill ar an bpróiseáil dá dheasca san.
Nuair a dhéantar an t-iarratas thar ceann cuideachta nó aonáin dhlíthiúil eile, ní mór don sínitheoir a stádas oifigiúil, mar shampla Rúnaí Cuideachta etc., a chur isteach.

5
ACHOIMRE AR NA PRÍOMHATHRUITHE SA BHLIAIN 2008

TABHAIR FAOI DEARA NA hATHRUITHE SEO A LEANAS LE hAGHAIDH 2008 LE DO THOIL, TOISC GO MBEIDH TIONCHAR ACU SEO AR AN tSLÍ A CHOMHLÁNAÍONN TÚ DO SHONRAÍ TALÚN AR AN LEATHANACH DEIRIDH.

- Tá Achar Tagartha réamhphriontáilte i gColún 6 le haghaidh gach dáileachta. Is é an t-achar Tagartha ná an t-achar den dáileacht atá incháilithe maidir le híocaíocht a éileamh, agus ní féidir íocaíocht a dhéanamh i leith achar níos mó gan léarscáil nó fianaise eile a chur isteach chun an t-éileamh nua a fhíorú. Socraítear an t-achar seo do gach dáileacht ar bhonn na n-éileamh a rinneadh maidir leis an dáileacht san cheana agus ar bhonn cigireachtaí.
- Más gá duit an tAchar Tagartha de dháileacht ar bith a leasú, caithfidh tú X a chur i gColún 7 in aice leis an dáileacht agus léarscáil a chur isteach mar fhianaise i leith an athraithe ar mhéid na dáileachta.
- Níl feidhm a thuilleadh leis na dátaí tosaithe agus deiridh 10-mí agus ní fheictear iad dá bhrí sin ar fhoirm 2008. Maidir le SPS 2008, tá dualgas dlí ort anois an talamh go léir a bheidh ina chuid de do ghabháltas ar an 31 Bealtaine 2008 a dhearbhú, seachas talamh ar bith atá LIGTHE ar léas nó ar cíos agat le haghaidh tréimhse ar bith a chuimsíonn an 31 Bealtaine 2008. An duine a dhearbhaíonn an talamh ar an iarratas um Aoníocaíocht beidh sé/sí freagrach as neamhchomhlíonadh ar bith maidir leis na ceanglais reachtúla bainistíochta um thraschomhlíonadh nó as loiceadh ar bith maidir leis na tailte sin a choinneáil i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil ar feadh na tréimhse 1 Aibreán go 31 Nollaig 2008. Caithfear na tailte a dearbhaíodh a chothú mar thalamh talmhaíochta go dtí 31 Nollaig 2008**.**
- Tá an ráta cur-i-leataobh éigeantach socraithe ag 0% le haghaidh 2008. Níl aon dualgas ar fheirmeoir a bhfuil teidlíochtaí cur-i-leataobh aige/aici dá bhrí sin aon chuid dá t(h)alamh a chur-i-leataobh sa bhliain 2008 chun íocaíocht a fháil ar theidlíochtaí cur-i-leataobh. Cé nach gá aon chur-i-leataobh a dhéanamh sa bhliain 2008, ámh. caithfidh tú go leor heicteár talún a dhearbhú atá incháilithe do chur-i-leataobh, chun íocaíocht iomlán a fháil ar do theidlíochtaí cur-i-leataobh. Ní gá go mbainfí úsáid cur-i-leataobh as an talamh incháilithe cur-i-leataobh sin. Má tá 2 theidlíocht cur-i-leataobh ag iarratasóir, mar shampla, agus mura ndearbhaíonn sé/sí talamh cur-i-leataobh ar bith, déanfar íocaíocht ar an 2 theidlíocht cur-i-leataobh sin ar choinníoll gur dearbhaíodh 2 heicteár talún cur-i-leataobh ar a laghad. Déantar dáileachtaí atá incháilithe le haghaidh íocaíochtaí chur-i-leataobh a réamhphriontáil agus “Y” a chur i gColún 4 den fhoirm. Íocfar na teidhlíochtaí cur-i-leataobh ar dtús. Is féidir talamh a chur-i-leataobh i gcónaí gan amhras más fearr a oireann sé seo do chleachtas feirmeoireachta an iarratasóra. Féach Cuid 16 den Bhileog Chabhrach/Téarmaí agus Coinníollacha um Scéim Aoníocaíochta 2008 chun sonraí iomlána a fháil.
- D’fhonn riachtanais na rialachán Níotráití a shásamh, caithfear an Úsáid Dáileachta (Colún 11) a dhearbhú go sainiúil. Ní ghlacfar leis na hÚsáidí Dáileachta seo a leanas ar fhoirm iarratais 2008 dá bhrí sin – Eorna, Cruithneacht, Coirce, Biatas, Síolta Ola agus Prátaí. Má bhíonn ceann ar bith de na barra seo á dhearbhú, ba chóir na cineálacha seo a leanas a shonrú
    - Eorna Gheimhridh nó Eorna Earraigh
    - Cruithneacht Gheimhridh nó Cruithneacht Earraigh
    - Coirce Geimhridh nó Coirce Earraigh
    - Ráib Shíl Ola Gheimhridh nó Ráib Shíl Ola Earraigh
    - Biatas Fodair nó Biatas Siúcra
    - Prátaí Príomhbhairr, Prátaí Luatha nó Prátaí Síl.

Mura mbíonn na barra seo sainaitheanta ar an dóigh thuas, measfar an t-iarratas a bheith neamhiomlán.

- Iarrann Colún 14 ort lár nó “lárionad oibríochtaí” d'fhiontar feirmeoireachta a shainaithint. De gnáth is é seo an dáileacht ina bhfuil clós/foirgnimh na feirme Scríobh X in aghaidh na dáileachta is fearr a sheasann do lárionad d'fheirme.

6
LEATHANACH DEIRIDH FHOIRM AN SPS

Tá d’Uimhir Tréada, d’uimhir chonartha REPS agus d’uimhreacha conartha um Préimheacha/Deontais Fhoraoiseachta réamhphriontáilte ar bharr an leathanaigh chúil, de réir mar is infheidhme. Cinntigh go mbíonn siad seo ceart.

COLÚN 1: BAILE FEARAINN

Bíonn ainm an Bhaile Fhearainn réamhphriontáilte sa cholún seo le haghaidh na ndáileachtaí a dhearbhaigh tú sa bhliain 2007. Má dhearbhaíonn tú dáileachtaí nua ar bith sa bhliain 2008 scríobh ainm oifigiúil an Bhaile Fhearainn ar líne nua mar shampla an t-ainm a thaispeántar ar léarscáil de chuid na Suibhéireachta Ordanáis nó LPIS. Caithfear léarscáil a chur isteach le haghaidh ceapach talún nua ar bith.

COLÚN 2: UIMHIR NA DÁILEACHTA TALÚN

Bíonn uimhir na dáileachta talún (Uimh. LPIS) réamhphriontáilte sa cholún seo le haghaidh na ndáileachtaí a dhearbhaigh tú sa bhliain 2007. Nuair a bhíonn réiltín (*) in aice le hUimh. an LPIS, tugann sé le fios go bhfuil an dáileacht sin, nó cuid de, suite taobh istigh de shaincheantar ainmnithe de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.
Má bhíonn dáileacht nua á chur le do ghabháltas agat, ní mór duit uimhir shainiúil na dáileachta talún (Uimh. LPIS) a fháil ón áititheoir a bhí ann romhat agus an uimhir sin a chur isteach sa cholún seo. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh an uimhir LPIS a fháil, toisc gur féidir sonraí dáileachta, mar shampla achar Comhlán, achar Tagartha, cáilitheacht um chur-i-leataobh etc. a iarraidh ansin ar an líne Lóghlao a bhaineann le do chontae. Nuair nach mbíonn an Uimh. LPIS le fáil, sainaithin an cheapach/na ceapacha nua sa cholún seo trí Cheapach 1, Ceapach 2 agus mar sin de a thabhairt orthu. Sa chás seo ní mór duit na ceapacha nua a shainaithint freisin trí iad a imlíniú go cúramach ar léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis nó de chuid Chlárlann na Talún nó ar léarscáil LPIS, agus Ceapach 1, Ceapach 2 etc a chur orthu ar an léarscáil freisin. Cuir isteach an t-ainm ceapaí céanna sa Cholún seo agus atá scríofa agat ar an léarscáil – Ceapach 1, Ceapach 2 etc. Ní mór léarscáil(eanna) na ceapaí/na gceapach nua a chur isteach le d’iarratas. Féach chuige le do thoil go ndéantar aon léarscáil a chuireann tú isteach a mharcáil le d’ainm, do sheoladh agus d’uimhir tréada. Más cuid de léarscáil de chuid Chlárlann na Talún nó na Suirbhéireachta Ordanáis é an léarscáil, caithfear í a mharcáil chomh maith le huimhir bileoige na Suirbhéireachta Ordanáis agus an Baile Fearainn ina bhfuil an dáileacht suite. Más ar líne a bhíonn d’iarratas á chur isteach agat, cuir isteach an léarscáil in éineacht le cóip den litir chumhdaigh ar leith atá ar fáil ar líne.
FORANNTA SEALADACHA: Má bhíonn dáileacht talún á roinnt go sealadach agat sa bhliain 2008 in dhá dháileacht nó níos mó chun na dáileachtaí sin a dhearbhú le haghaidh úsáidí difriúla, scrios amach sonraí réamhphriontáilte na dáileachta sin. Cuir isteach sonraí gach foroinne den cheapach sin ar líne nua ag baint feidhme as an uimhir dáileachta LPIS 9-digit a bhí ann ar dtús chomh maith le haitheantóir sonrach (“A” “B”, “C” etc.) tar éis na hUimh. LPIS le haghaidh gach foroinne. Gan foranna le haghaidh gnáthóga REPS a áireamh, ní mór duit na teorainneacha sealadacha seo a imlíniú ar léarscáil freisin agus na foranna a mharcáil mar “A”, “B”, “C” agus mar sin ar aghaidh. Cuir isteach an léarscáil le d’iarratas, agus bíodh d’ainm, do sheoladh agus d’uimhir tréada marcáilte uirthi. Más ar líne a bhíonn d’iarratas á chur isteach agat, cuir isteach an léarscáil in éineacht le cóip den litir chumhdaigh ar leith atá ar fáil ar líne.

COLÚN 3: CODÁN COIMÍNEACHTA

Réamhphriontáilte sa cholún seo tá an codán a thaispeánann do scair/cearta féaraigh ar Choimíneacht. Más Coimíneacht í dáileacht talún nua i do ghabháltas sa bhliain 2008, ní mór duit an scair/na cearta féaraigh atá tú i dteideal a éileamh a dhearbhú mar chodán den Choimíneacht sin.

I ngach cás ina ndearbhaítear scaireanna coimíneachta/cearta féaraigh chun feidhm a bhaint as teidlíochtaí, caithfear fianaise dhoiciméadach maidir le do cheart ar na scaireanna/cearta a chur isteach – d'fhéadfadh sé seo a bheith déanta agat cheana féin**.**

De gnáth is é an cruthú a bhíonn ag teastáil ná doiciméid dhlíthiúla. Is ort féin atá an dualgas a chinntiú gur leor na doiciméid a chuirtear isteach mar fhianaise chun tacú le do dhearbhú.

Tá na doiciméid seo a leanas inghlactha chun incháilitheacht a chruthú maidir le teideal:

SCAIREANNA COIMÍNEACHTA - Cóip d'Fhóilió de chuid Chlárlann na Talún a thaispeánann na scaireanna coimíneachta**.**

CEARTA FÉARAIGH - Cóip d'Fhóilió de chuid Chlárlann na Talún a thaispeánann Cearta Féaraigh i seilbh; Ordú Dílseacháin de chuid Choimisiún na Talún; Cóip dheimhnithe de pháipéir ábhartha eastáit ó thaifid Choimisiún na Talún; Deontas ón úinéir dlíthiúil ruílse; Gníomhas Iontaobhais Féaraigh; Deontas gníomhais ón tiarna talún a bhí ar an eastát ar dtús.

I gcúinsí nuair nach ann d'fhianaise dhoiciméadach den chineál atá liostaithe thuas, is féidir leis an Roinn glacadh le fianaise dhoiciméadach eile a mheasann sí a bheith cuí. Dá réir sin thabharfaí suntas do chomh-mhionnscríbhinn sínithe ag na scairshealbhóirí/sealbhóirí cearta féaraigh uile. Ba cheart go leagfaí amach leis seo:

1. Líon iomlán na scaireanna coimíneachta/na gceart féaraigh;
2. Teidlíocht scaire gach scairshealbhóra sa choimíneacht;
3. Leithdháileadh ceart gach sealbhóra cearta féaraigh agus an méid is féidir na cearta sin a fheidhmiú;
4. Gealltanas más rud é ag aon am sa todhchaí go n-éiríonn le duine, seachas na teisteoirí agus á gcomharbaí, éileamh bailí ar scair/cearta féaraigh sa choimíneacht a bhunú, go ndéanfaí cóiríocht ar an duine sin trí laghdú comhréireach ar na scaireanna/cearta féaraigh a bhíonn ann cheana faoi mar a leagtar amach sa mhionnscríbhinn;
5. Áireofar leis an mionnscríbhinn aithris a dhearbhaíonn nach mbainfear feidhm as an mionnscríbhinn chun críocha eile seachas iadsan ar ullmhaíodh lena n-aghaidh í;
6. I dteannta aon mhionnscríbhinne dá leithéid beidh:

- Léarscáil den Choimíneacht a thaispeánann an t-achar iomlán leis na teorainneacha seachtracha marcáilte go soiléir i ndearg, nó, i gcás cearta féaraigh an t-achar ar fad ina ndéantar cearta a fheidhmiú;
- Doiciméid a thaispeánann go bhfuil gach iarracht réasúnta déanta ag na teisteoirí chun liosta deifnídeach de scairshealbhóirí/sealbhóirí cearta féaraigh a bhunú maidir leis an achar ar fad a ndéanann an mhionnscríbhinn tagairt do.

COLÚN 4: TALAMH INCHÁILITHE CHUN ÍOCAÍOCHT A FHÁIL UM THEIDLÍOCHTAÍ CUR-I-LEATAOBH

Cé nach gá aon chur-i-leataobh a dhéanamh sa bhliain 2008, caithfidh tú go leor heicteár talún a dhearbhú a bhíonn incháilithe do chur-i-leataobh, chun íocaíocht iomlán a fháil ar do theidlíochtaí cur-i-leataobh. Aon heicteár talún amháin a bhíonn incháilithe do chur-i-leataobh = aon teidlíocht cur-i-leataobh amháin. Ní gá go mbainfí úsáid cur-i-leataobh as an talamh sin. Déantar dáileachtaí atá incháilithe le haghaidh íocaíochtaí chur-i-leataobh a fháil a réamhphriontáil agus "Y" a chur sa cholún seo.

Má bhíonn ceist ar bith agat maidir le dáileacht a bheith incháilithe do chur-i-leataobh, cuir glao ar an uimhir Lóghlao a bhaineann le do chontae.

COLÚN 5: ACHAR COMHLÁN

Tá an t-achar comhlán de gach dáileacht talún réamhphriontáilte i heicteáir sa cholún seo. Is é achar comhlán na dáileachta an t-achar i ndigití (tomhas ríomhairithe) den dáileacht i heicteáir sula mbaintear achar neamh-incháilithe ar bith cosúil le bóithre, scrobarnach etc. Maidir le coimíneachtaí, is é an t-achar comhlán achar na coimíneachta ina hiomláine. Má dhearbhaíonn tú aon dáileacht nua sa bhliain 2008, d'fhéadfadh an t-achar comhlán agus an t-achar tagartha a bheith le fáil ón áititheoir a bhí ann romhat. Nuair nach mbíonn fáil ar an achar comhlán toisc nár dearbhaíodh an ceapach roimh sin, scríobh isteach an t-achar comhlán, i heicteáir, bunaithe ar do léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis nó léarscáil eile agus cuir isteach an léarscáil.

COLÚN 6: ACHAR TAGARTHA

Tá Achar Tagartha réamhphriontáilte i gColún 6 le haghaidh gach dáileachta. Is é an t-achar Tagartha an t-achar den dáileacht a bhíonn incháilithe maidir le híocaíocht a éileamh, agus ní féidir íocaíocht a dhéanamh i leith achar níos mó gan léarscáil nó fianaise eile a chur isteach chun an t-éileamh nua a fhíorú. Socraítear an t-achar seo do gach dáileacht ar bhonn na n-éileamh a rinneadh roimhe sin agus ar bhonn cigireachtaí. Ní bheifí ag súil dá bhrí sin go ndéanfadh iarratasóir éileamh ar achar níos mó ná an tAchar Tagartha i gcolún an Achair Ghlain (8). Má dhearbhaíonn tú achar atá níos mó ná an tAchar Tagartha i gcolún an Achair Ghlain maidir le dáileacht ar bith, caithfidh tú

- Colún 7 a chomhlánú <u>agus</u>,
- léarscáil nó fianaise eile a chur isteach chun an t-éileamh leasaithe a fhíorú.

COLÚN 7: ATHRÚ AR AN ACHAR TAGARTHA

Más mian leat achar Tagartha de chuid dáileachta a leasú caithfidh tú X a chur sa cholún seo in aice leis an dáileacht sin. D'fhonn an t-athrú ar an dáileacht a chruthú, caithfidh tú léarscáil nó fianaise eile a chur isteach chun an t-éileamh nua a fhíorú.

COLÚN 8: ACHAR GLAN GACH DÁILEACHTA

NÁ FÁG AN COLÚN SEO BÁN. SCRÍOBH ISTEACH AN T-ACHAR IS MIAN LEAT A DHEARBHÚ LE HAGHAIDH ÍOCAÍOCHTA MAIDIR LE GACH DÁILEACHT/CEAPACH.

Is é is achar glan dáileachta ná an t-achar den dáileacht atá á éileamh le haghaidh íocaíochta a bhíonn le fáil agus oiriúnach le haghaidh gníomhaíocht/úsáid talmhaíochta sa bhliain 2008. Déantar an t-achar glan a ríomh trí aon pháirt den dáileacht nach bhfuil oiriúnach le haghaidh gníomhaíocht/úsáid talmhaíochta a bhaint ón achar comhlán. Mura bhfuil an t-achar glan réamhphriontáilte cheana féin maidir le ceann ar bith de na dáileachtaí ar d'fhoirm, scríobh isteach an t-achar glan is mian leat a éileamh le haghaidh íocaíochta le do thoil. Má bhíonn gá le leasú ar achar glan réamhphriontáilte chun an suíomh cruinn a thaispeáint, scrios amach an t-achar glan réamhphriontáilte agus scríobh an t-achar glan leasaithe isteach go soiléir.

Níor chóir go mbeadh an tAchar Glan (Colún 6) níos mó ná an tAchar Tagartha. Más mó an tAchar Glan a dhearbhaíonn tú ná an tAchar Tagartha, caithfidh tú Colún 7 a chomhlánú agus léarscáil nó fianaise eile a chur isteach chun an t-éileamh nua a fhíorú.

I gcás gach dáileachta a dhearbhaítear, ní mór don achar glan aon réimsí ar a bhfuil foirgnimh; clóis fheirme; coillte; aibhneacha; sruthanna; locháin; cosáin; bóithre feirme; carraig lom; scrobarnach nó portach nach bhfuil oiriúnach le haghaidh féaraigh a eisiamh. Ní gá duit laghduithe a dhéanamh maidir le sconsaí, iomairí cinn, fálta sceach nó draenacha. Caithfear gach réimse foráiste a léiriú go soiléir le teorainn bhuan seachas i gcás talamh Coimíneachta. <u>Caithfidh teorainneacha seachtracha foráiste a bheith stocdhíonach agus oiriúnach don fhiontar feirmeoireachta</u>.

I gcás Coimíneachta, ba cheart aon laghduithe is gá a dhéanamh ó achar comhlán na Coimíneachta (Colún 5) i dtreo is go mbíonn na hachair ghlana ar leith a dhearbhaíonn na

scairshealbhóirí cruinn. Ba cheart nach dtaispeánadh an t-achar glan ach an chuid sin de do scair Choimíneachta a bhíonn oiriúnach agus le fáil agat chun feidhm talmhaíochta a bhaint aisti.
Ná déan ró-éileamh maidir le hachar glan dáileachta ar bith toisc go bhféadfadh pionóis a bheith i gceist as ró-dhearbhú achar agus go bhféadfaí an cúnamh iomlán a chailliúint.

ÁIRITHEOIR RÉIDH CHUN ACHAR A THIONTÚ

Caithfear achar gach dáileachta/ceapaí a thabhairt i HEICTEÁIR go dtí dhá ionad dheachúlacha. Bain feidhm as an tábla seo a leanas mar thagairt chun acraí a thiontú go heicteáir.

Acraí	Heicteáir	Acraí	Heicteáir	Acraí	Heicteáir	Acraí	Heicteáir	Acraí
1	0.4047	7	2.8329	40	16.188	100	40.47	700
2	0.8094	8	3.2376	50	20.235	200	80.94	800
3	1.2141	9	3.6423	60	24.282	300	121.41	900
4	1.6188	10	4.047	70	28.329	400	161.88	1,000
5	2.0235	20	8.094	80	32.376	500	202.35	
6	2.4282	30	12.141	90	36.423	600	242.82	

COLÚN 9: LEAT FÉIN, AR CÍOS NÓ LÉASAITHE

Rinneadh an Colún seo a réamhphriontáil a oiread agus ab fhéidir. Má bhíonn an colún seo bán i leith dáileachta ar bith, nó má bhíonn dáileacht nó ceapach nua á dearbhú agat, caithfidh tú a thaispeáint cé acu an leat féin í, (O); an bhfuil sí tógtha agat ar cíos ar feadh tréimhse a cuimsíonn an 31 Bealtaine 2008 (R); nó an bhfuil an talamh agat ar feadh tréimhse a chuimsíonn an 31 Bealtaine 2008 faoi léas talún foirmiúil (L).
Más gá na sonraí réamhphriontáilte a leasú, tarraing líne trí na sonraí réamhphriontáilte agus scríobh isteach an rud ceart.
Ná dearbhaigh talamh ar bith atá ligthe ar léas nó ar cíos agat le páirtí eile ar feadh tréimhse ar bith a chuimsíonn an 31 Bealtaine 2008.

COLÚN 10: CATAGÓIR BAIRR

CAITHFEAR GACH DÁILEACHT/CEAPACH A DEARBHAÍODH AR D'FHOIRM IARRATAIS A SHAINAITHINT FAOI CHEANN AMHÁIN DE NA CATAGÓIRÍ SEO A LEANAS.
Mura bhfuil sé réamhphriontáilte le X ar d'fhoirm cheana féin, tabhair le fios maidir le gach dáileacht agus ceapach le do thoil cé acu an Curaíocht nó Foráiste nó Cur-i-Leataobh nó Eile atá i gceist trí X a scríobh sa bhosca cuí i gColún 10. Féach Colún 11 thíos le haghaidh liosta de na barra a bhaineann leis na ceithre catagóirí seo.

COLÚN 11: ÚSÁID DÁILEACHTAÍ SA BHLIAIN 2008

CINNTIGH LE DO THOIL GO gCOMHLÁNAÍTEAR AN COLÚN SEO MAIDIR LE GACH DÁILEACHT AGUS CEAPACH.
Maidir le dáileachtaí talún a bhfaightear cúnamh lena n-aghaidh faoi Scéim ar bith a dteastaíonn iarratas SPS lena haghaidh, déanfar iad a chros-seiceáil in aghaidh na húsáide talún a dhearbhaítear sa cholún seo. Tá sé fíorthábhachtach dá bhrí sin go gcomhlánaítear an colún seo go cruinn maidir le gach dáileacht/ceapach agus go dtaispeánann an úsáid talún atá scríofa isteach agat úsáid iarbhír na dáileachta/ceapaí sin sa bhliain 2008. Má bhíonn eolas faoi dháileacht réamhphriontáilte, féach chuige le do thoil go mbíonn an úsáid réamhphriontáilte ceart le haghaidh 2008 agus leasaigh í más gá**.** Má fágadh an úsáid dáileachta bán maidir le dáileacht ar bith, comhlánaigh an colún seo le do thoil. Má

chuirtear iarratas isteach ina mbíonn boscaí bána sa cholún seo, beidh a thuilleadh comhfhreagrais de dhíth, rud a chuirfidh moill ar phróiseáil d'iarratais.

Nua le haghaidh 2008

I gcomhthéacs na Rialachán Níotráití, tá sé riachtanach go ndéantar gach cineál bairr a shainaithint go cruinn. Ní ghlacfar níos mó leo seo mar úsáid bhairr: Eorna, Cruithneacht, Coirce, Síolta Ola nó Prátaí. Caithfidh tú a shonrú cé acu an Eorna Earraigh nó Eorna Gheimhridh, Cruithneacht Earraigh nó Cruithneacht Gheimhridh, Coirce Earraigh nó Coirce Geimhridh nó Ráib Shíl Ola Earraigh nó Ráib Shíl Ola Gheimhridh atá i gceist maidir leis an mbarr. Ba chóir an úsáid bhairr "Sadhlas Curaíochta" a úsáid maidir le barra curaíochta a fhástar le haghaidh fodair/fóráiste. Maidir le prátaí, caithfidh tú a shonrú cé acu Prátaí Príomhbhairr, Prátaí Luatha nó Prátaí Síl atá iontu.

Nuair nach ndearbhaítear na hidirdhealuithe seo, measfar an t-iarratas a bheith neamhiomlán.

Thíos anseo tá liosta d'úsáidí dáileachta is féidir a dhearbhú faoi na catagóirí Curaíocht, Foráiste, Cur-i-Leataobh nó Eile.
De bhrí go n-áirítear prátaí agus torthaí agus glasraí mar bharra incháilithe sa bhliain 2008 agus ina diaidh, beidh go leor de na húsáidí bairr sa chatagóir Eile incháilithe anois chun an Aoníocaíocht a fháil.

Catagóirí Bairr agus Úsáidí Dáileachta is féidir a dhearbhú

Catagóir Bairr: Curaíocht	Catagóir Bairr: Foráiste
Úsáid Dáileachta	Úsáid Dáileachta
Eorna Earraigh	Féarach buan
Eorna Gheimhridh	Féar
Cruithneacht Earraigh	Sadhlas Féir
Cruithneacht Gheimhridh	Féarach Garbh
Coirce Earraigh	Réimse óna bhfuil an Stoc 100% Bainte
Coirce Geimhridh	Portach
Ráib Shíl Ola Earraigh	Seamair
Ráib Shíl Ola Gheimhridh	
Sadhlas Curaíochta	**Catagóir Bairr: Cur-i-leataobh**
Arbhar Indiach	Úsáid Dáileachta
Ráib Fhoráiste	Clúdach Glas
Ros Lín	Féar
Biatas Fodair	Neamhbhia
Biatas Siúcra	Cur-i-leataobh Foraoiseachta
Triteacál	
Bia féir	**Catagóir Bairr: Eile**
Síol Féir	Úsáid Dáileachta
Prátaí Príomhbhairr	Clós na Feirme
Prátaí Luatha	Foirgneamh
Prátaí Síl	Portach
Piseanna	Foraoiseacht
Pónairí	Gnáthóg REPS 3
Lúipíní Milse	Gnáthóg REPS 4
Glasraí	Gnáthóg
Cál	Gné Thírdhreacha REPS
Meaingil	Gnéithe Tírdhreacha
Svaeideanna	Saincheantar Bruachánach
Tornapaí	Scrobarnach
Muiléad	Torthaí
Seagal	Bláthanna
Cnáib	Duilliúr
Gnáthóg Ghleoisí	Úllord
Branar	Portach
Athghiniúint	Miscanthus Sinensis
	Cuiscreach
	Garrán Gearruainíochta

COLÚN 12: SCÉIM UM BARRA FUINNIMH

Má éilíonn tú cúnamh faoin Scéim um Barra Fuinnimh, marcáil "x" sa cholún seo in aghaidh gach dáileachta as a mbaintear feidhm chun na barraí fuinnimh a tháirgeadh. Ná marcáil an colún seo le do thoil mura bhfuil ach an úsáid Neamhbhia de Thalamh Cur-i-Leataobh á héileamh agat.

COLÚN 13: PRÉIMHEANNA AGUS DEONTAIS AFORAOISEACHTA

Nuair a fhaigheann dáileacht Fhoraoiseachta cúnamh faoi na Scéimeanna AE um Préimheanna nó Dheontais Aforaoiseachta, bíonn ar iarrthóirí é seo a thabhairt le fios ar an iarratas SPS. Rinneadh X a réamhphriontáil ach má bhíonn sé ar iarraidh i gcás dáileachta/ceapaí ar bith, caithfidh tú X a mharcáil sa cholún seo in aghaidh na ndáileachtaí sin má shonraítear i gColún 11 gurb í an FHORAOISEACHT an úsáid agus má fhaightear Préimheanna nó Deontais Aforaoiseachta ina leith.

COLÚN 14: LÁR NA FEIRME

Scríobh X sa cholún seo le do thoil chun an dáileacht ar leith ina bhfuil lárionad oibríochtaí nó lárionad d'fheirme a thaispeáint. De gnáth, i leagan amach traidisiúnta feirme, bheadh lár nó lárionad na feirme lonnaithe sa dáileacht ina mbeadh clós na feirme agus/nó foirgnimh na feirme agus a bheadh gar don teach cónaithe. Is amhlaidh an cás fós de gnáth ar fhormhór na bhfeirmeacha agus dá bhrí sin ba cheart duit X a chur sa cholún seo in aghaidh dháileacht chlós na feirme nó fhoirgnimh na feirme. Má bhíonn an gabháltas ar a mbíonn feirmeoireacht ar siúl agat sa bhliain 2008 bunaithe go príomha ar thalamh a bhíonn ar cíos nó ar léas agat agus an gabháltas sin scaipthe amach, i níos mó ná contae amháin fiú, taispeáin an dáileacht is cruinne a sheasann do lárionad oibriúcháin do ghabháltais le do thoil.

7

AG DÉANAMH LEASUITHE AR D'IARRATAS SPS 2008

LEASUITHE GO DTÍ 31 BEALTAINE 2008

Is féidir leasuithe a dhéanamh ar iarratais SPS 2008, dáileachtaí/ceapacha breise san áireamh, go dtí 31 BEALTAINE 2008 ar FHOIRM LEASAITHE SPS 2008. Tugann an fhoirm seo gach eolas maidir leis na coinníollacha faoina nglacfar le leasuithe le linn na tréimhse seo.

Cé go gceadófar leasuithe áirithe tar éis an 31 Bealtaine (féach thíos), tabhair faoi deara le do thoil, más gá duit leasú a dhéanamh ar achar glan a dearbhaíodh go mícheart nó más gá duit dáileachtaí/ceapacha a chur le d'iarratas 2008, go gcaithfear an fhoirm Leasaithe oifigiúil seo a chur isteach faoin spriocdháta an 31 Bealtaine 2008. Glacfar le Foirmeacha Leasaithe Déanacha ar a bhfuil dáileachtaí/ceapacha breise nó achair ghlana leasaithe curtha isteach, ón 1 Meitheamh go dtí an 9 Meitheamh 2008 agus an 9 Meitheamh 2008 san áireamh, in éineacht le pionós. Ach bainfear 1% den íocaíocht um an dáileacht/na dáileachtaí le haghaidh gach lá oibre a bhíonn an Leasú déanach le linn na tréimhse seo. Ba cheart foirmeacha leasaithe a chomhlánú go hiomlán agus go cruinn, os rud é go mbeidh siad ina bpáirt de d'Iarratas SPS 2008. Tá an fhoirm seo ar fáil ó Aonad na hAoníocaíochta, Oifigí Áitiúla na Roinne, TEAGASC agus ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie

LEASUITHE TAR ÉIS 31 BEALTAINE 2008

Is féidir leat talamh a bhaint ó d'iarratas gan pionós am ar bith tar éis an 31 Bealtaine 2008 an spriocdháta le haghaidh Leasuithe ar choinníoll nár chuir an Roinn ar an eolas tú faoi neamhrialtachtaí ar bith maidir le d'iarratas Scéim Aoníocaíochta nó, má cuireadh ar an eolas tú faoi chigireacht ar-an-bhfeirm agus má thugann an chigireacht sin neamhrialtacht chun solais ina dhiaidh sin, ní féidir glacadh le leasú ar an gcuid sin de d'iarratas a bhaineann leis an neamhrialtacht a fuarthas.

Ní féidir dáileachtaí/ceapacha breise a chur lena mbíonn ann cheana nó achair ghlana a leasú tar éis an 31 Bealtaine.
Is ceadaithe duit ámh earráidí soiléire/neamhurchóideacha a cheartú am ar bith tar éis an 31 Bealtaine 2008 an spriocdháta le haghaidh Leasuithe. Is é a bheadh in earráid shoiléir/neamhurchóideach ná mionearráid chléireachais de do chuidse, a bhainfeadh de gnáth le sonraí in easnamh ó d'iarratas, mar shampla úsáid bhairr. Is féidir leat úsáid dhearbhaithe bhairr a athrú freisin. D'fhéadfadh sé gur dhearmadaigh duine de na páirtithe i gcás comhiarratais an fhoirm a shíniú. D'fhéadfadh sé gur dearbhaíodh an dáileacht chéanna dhá uair trí earráid. Déanfaidh an Roinn gach cás a mheas ar a thuillteanas.

I dtreo is nach mbeidh aon ghá le leasuithe, déan d'iarratas comhlánaithe a athsheiceáil le do thoil sula gcuireann tú chuig an Roinn é agus bain úsáid as an seicliosta seo a leanas mar threoir. Ba cheart go mbeadh sé seo úsáideach ó thaobh earráidí a íoslaghdú.

- ✓ Tá an fhoirm sínithe agus dátaithe (ag na páirtithe go léir i gcás comhiarratais).
- ✓ Tá na ciorcail ar an gcéad leathanach scáthlínithe (más cuí).
- ✓ Tá na sonraí go léir comhlánaithe maidir le gach dáileacht/ceapach ar an leathanach cúil.
- ✓ Níl spásanna bána ar bith ann maidir le dáileacht/ceapach ar bith i gColúin 8, 9, 10 nó 11 ar an leathanach cúil.
- ✓ Leasaigh mé na sonraí réamhphriontáilte má bhí gá leis (mar shampla, dáileacht a réamhphriontáileadh mar fhoráiste ach a bhaineann anois le foraoiseacht).
- ✓ Tharraing mé líne tríd an ró ar fad maidir le dáileacht réamhphriontáilte ar bith nach mbíonn ina cuid de mo ghabháltas ar an 31 Bealtaine 2008.
- ✓ Chuir mé tic i gColún 12, 13 nó 14 mar ba chuí.
- ✓ Tá na doiciméid tacaíochta ullamh agam le hiniamh leis an iarratas – léarscáil, fianaise um choimíneacht etc.